# SAOIRSE

Uimhir a do Nollaig 1983 Luach 80p *(65p airgead Sasanach)*

## ISTIGH

**Agallamh le Ruairí Ó Brádaigh**

# Fáilte abhaile

● Áine agus Eibhlín Nic Ghiolla Easpaigh ag an Ard-Fheis deireannach de Shinn Féin in éineacht lena máthair. Chaith siad naoi mbliana go leith faoi ghlas ag Gallaibh

# CLÁR


## CÚRSAÍ REATHA

**Tá na Sasanaigh i bponc ceart againn** 2
— agallamh le Ruairí Ó Brádaigh

**Comhcheilg sa Chaisleán** 6
— scrudú ar dhaonáireamh na sé chontae

**Stáid na Gaeilge i dTír Chonaill** 9
— bás nó beatha na Gaeltachta

**Euskadi agus cúlra ETA** 11
— stair agus fobairt an ghluaiseacht reabhlóideach ETA

**Forbairt na nGaelscoileanna** 14
— agallamh le Colm Ó Dúlacháin

## SCRÍBHINNÍ PHRÍOSÚIN

**Coiscéim amháin ón uaigh** 16
— alt a scríobh Roibeárd Ó Seachnasiagh i 1979

## STAIR

**Eochaidh Óg Ó hAnluain — céad Eadarnaí Ard Mhacha** 17
— an feall a imríodh ar Eochaidh Óg agus an dóigh ar throid sé

## SAOTHAR LITEARTHA

**Léirmheas agus Dán** 19

## AMHRÁIN

**Cladach na gCaorach** 20
**An t-Éaló** 20

## SAOTHAR EALAÍONA

**Péintéirí Oileán Toraigh** 21

*Agoid lasmuigh de phríosún i dtír na mBascach*

# EAGARFHOCAL

## Seichteachas

**TA dearcadh Ghluaiseacht na Poblachta i leith an tseicteachais an-soiléir. Ach má bhí amhras ar aon duine, mhínigh Gearóid Mac Ádhaimh an scéal go beacht nuair a dúirt sé i gCill Mhichíl go bhfuil** *"an dearg-ghráin ag Poblachtaigh ar an tseichteachas."*

Lean sé air agus dúirt nach bhféadfaí cosaint ar bith a dhéanamh ar ionsaithe ar nós a thárla ag Dearclaigh, ar bhonn móráltachta, ar bhonn beartaíochta nó ar bhonn straitéise. Is chun maitheasa Rialtas na Breataine amháin a théann a leithéid.

Eascrann an seichteachas as polasaithe Rialtas na Breataine. B'iad a d'aidhin é, a neartaigh é agus atá á choimeád beo laistigh den stát seichteach a bhunaigh siad.

Ag Ard-Fheis Shinn Féin le déanaí dhein Gearóid Mac Ádhaimh achainí ar Phrotastúnaigh de chuid an lucht oibre. Dúirt sé leo nach raibh faic le tabhairt againn dóibh ach comhionannas agus nach raibh ag teastáil uainn ach an comhionannas céanna.

Lean sé air *"Taimid ag lorg cur le cheile pobal uile na hEireann i ndaonlathas neamhspleach Eireannach a bheadh munlaithe ag an bpobal uile ar mhaithe leis an bpobal uile.*

*"Ba mhaith linn Poblachtaigh go mbeadh an sochaí sin ina phoblacht dhaonlathach shoisialach, ach glacaimid leis, sa chas go mbeidh na Briotanaigh imithe, go mbeimid ceangailte ag mianta daonlathacha mhuintir na hEireann.*

*"Níl stat seicteach de dhith o Phoblachtaigh. Sochaí tuata no ar a laghad sochaí a bheadh iolrachach ata ag teastail uainn. Is le mortas a chuimhnimid i Sinn Fein gur fhas ar bPoblachtachas os na hEireannaigh Aontaithe a raibh a mbunus in a bPreispiteirigh."*

## Buíochas

**TÁ Gluaiseacht na Poblachta ar fad go mór faoi chomaoin ag Ruairí Ó Brádaigh a d'éirigh as uachtarántacht Shinn Féin ar na mallaibh. Ní hamháin sin ach tá pobal uile na hÉireann faoina chomaoin as an mbealach ionraic a threoraigh sé Sinn Féin ó 1970 i leith.**

Is maith a thuigeann rialtas na sé chontae fichead agus rialtas na Breataine a éifeachtaí is atá sé. Nuair nach raibh urlabhraithe an stáit sna sé chontae fichead in ann é a shárú san argóint dheineadar cinsireacht air. Ní hamháin sin ach b'é an chéad duine a chuireadh i bpríosún ar thuairim phóilín.

Nuair a d'éirigh le rialtas na Breataine a lámha d'fháil air chuir siad fógra díbeartha i bhfeidhm air. Ar ndóigh sháraigh Ruairí Ó Brádaigh an t-órdú sin, díreach mar a sháraigh sé an chinsireacht sna sé chontae fichead. Bhí Ruairí le cloisint acu san a bhfuil cluasa orthu.

In agallamh san iris seo deireann sé linn go mbeidh sé ag leanúint ar aghaidh leis an obair agus go bhfuil dóchas ard aige. Tréaslaimíd leis as an méid atá déanta aige agus is cinnte go bhfuil mórán eile le déanamh aige fós.

**Seol litreacha chuig an t-eagarthóir ag Saoirse, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1**




# "Tá na Sasanaigh i bponc ceart againn"

## —Ruairí Ó Brádaigh

*San agallamh seo deineann Ruairí Ó Brádaigh cur síos ar Ghluaiseacht na Poblachta lena linn. I ndiaidh dó ceithre bliana déag chaitheamh ina uachtarán ar Shinn Féin fágann sé an post lán dóchais, le súil go mbainfimid saoirse na hÉireann amach.*

**S: Cad a thug ort dul le Gluaiseacht na Poblachta an chéad lá?**

**R.Ó B:** Sin ceist an-doimhin. Táimíd ag caint anois ar cheithre bliana is triocha ó shoin ach is dócha gur theastaigh uaim seirbhís a thabhairt in ionad seasamh ar an taobhlíne. Bhí mé gafa go mór le ceist na hÉireann tré chéile, an Ghaeilge, an cultúr, easpa neamhspleáchais náisiúnta agus is dóigh liom go raibh mé idéalach. Tar éis a bheith ag cur is ag cúiteamh, nuair a bhí mé i mo dhéagóir, bhí mé den tuairim go raibh iomlán den gceart ag Gluaiseacht na Poblachta.

Ba chuimhin liom ar ndóigh na rudaí a thárla sna daichidí — bás Barnes agus McCormack, bás ar stailc ocrais Tony Darcy, Seán McNeela agus níos deireannaí Seán McCaughey, bás Tom Williams agus an seisear a cuireadh chun báis ó dheas, agus rudaí a thárla go háitiúil i gcontae Longphoirt. Rinne na gníomharthaí sin mé a réiteach is dóigh, agus i ndeireadh na dála rinne mé cinneadh ceangal le Gluaiseacht na Poblachta.

**S: Nuair a thosaigh an feachtas míleata sna caogadaí an raibh dóchas ard agaibh?**

**R.Ó.B:** Buel do bhí. Cuireadh an feachtas mór poiblíochta in éadan chríochdheighilte ar bun i 1948 agus thit sé sin síos ar fad, mar a deireann Bowyer Bell ina leabhar *'The Leinster House politicians led the people down the garden path of Anti Partition to the locked gates of British intransigence and the Republican Movement picked up the disenchanted.'*

B'shin an chaoi a raibh cúrsaí ag an am agus na daoine a bhí dáiríre faoin gceist, go mórmhór na daoine óga, chuadar ansin i dtreo Gluaiseacht na Poblachta agus nuair a chuireadar aithne níos fearr ar an nGluaiseacht bhíodar lán tsásta glacadh go hiomlán leis an nGluaiseacht. Ní hamháin go raibh siad i gcoinne na teorann ach ghlac siad le cuspóirí náisiúnta, polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha na Gluaiseachta.

**S: Conas mar a chuaigh an feachtas míleata i bhfeidhm ar an bpobal ag an am?**

**R.Ó.B:** Chuaigh sé i bhfeidhm go mór agus thaithin sé leis an gnáthphobal mar ní raibh sé chomh fada sin ó aimsir na bhfichidí. San aimsir sin i ndiaidh an Dara Chogadh Domhanda tháinig leabhar Tom Barry amach. Tháinig na leabhair *The Fighting Stories* ós na contaetha éagsúla amach. Bhí leachtanna á nochtadh agus altanna sna nuachtáin ag comóradh eachtraí éagsúla.

Nuair a thosaigh Arm na Poblachta ag díriú arís ar arm Shasana ó thuaidh bhreathnaigh an gnáthphobal ar mar ghnó nár chríochnaíodh ina mblianta féin. Bhí bá an-mhór ag an bpobal leis na gníomhartha míleata a thárla ó thuaidh.

**S: Ar éirigh le stát na sé chontae fichead na daoine a dheighilt ón nGluaiseacht?**

● *Ruairí ag Ard-Fheis na bliana 1972 agus triúr poblachtach ar thaobh a láimhe clé atá imithe ar slí na fírinne anois, Máire Bean Uí Dhroma, Seosamh Ó Cléirigh agus Cathal Mac Léid*

**R.Ó.B:** Rinne siad tréaniarracht. Ach uimhir a haon ní raibh aon teilifís ann ag an am. B'é seo aimsir na n-ollchruinnithe. Aimsir na bpostaéirí. Aimsir na mbileogaí. Cruinnithe ag geataí na seipéil agus mar sin de. Bhíomar in ann é seo a dhéanamh chomh maith céanna le gach aon duine eile.

Maidir leis an raidió, níor pléadh cúrsaí polaitiúla ar an raidió in aon chor, taobh amuigh den nuacht. Deineadh cinnsireacht ar an nuacht ceart go leor. Chuir siad fear isteach sa GPO leis an nuacht a ghearradh. An deá nuacht ó thaobh na Gluaiseachta a ghearradh amach agus an drochnuacht a athrá chomh minic agus a b'fhéidir. Ach ní raibh mórán tionchair ag an raidió ar an bpobal i gcomórtas le teilifís agus raidió anois. Dá bhrí sin bhí sé i bhfad Éireann níos deacra acu na daoine a dheighilt ón nGluaiseacht.

Rud eile, níor thárla eachtra ar bith taobh ó dheas den teorann ag an am agus thaithin sin leis an ngnáthphobal. Chomh maith le sin níor ghortaíodh aon sibhialach go dona ó thuaidh. Ach ba rud beag go leor an feachtas sin i gcomparáid lena bhfuil ann faoi láthair.

Is dóigh liom nár deineadh dóthain ullmhúcháin ag an am sin i measc an phobail ó thuaidh. Ní raibh aon tréimhse cearta sibhialta. Ní raibh aon tréimhse *civil disobedience* ann leis na daoine a bhrú in aghaidh an stáit ó thuaidh. Bhi toghchán ann ceart go leor i 1955 agus dhá fo-thoghchán ina dhiaidh sin i Lár Uladh agus chabhraigh sé sin ceart go leor.

Ach chomh luath is a thosnaigh an feachtas chuir Stormont cosc ar Shinn Féin agus tugadh isteach imtheoranú agus ghabhadar na príomhdhaoine i mBéal Feirste agus d'éirigh leo an rud a stopadh i mBéal Feirste.

Anois, deirtear uaireanta, agus tá sé ráite ag Seán Cronin, rud nach fíor nach raibh pleananna ann chun an feachtas a chur ar bun i mBéal Feirste. Ní fíor san. Gabhadh an oifigeach cheannais i mBéal Feirste agus ní raibh a fhios ag an gceanncheathrú cad iad na páipéirí a bhí aige agus len a bheith cinnte dearfach nach rachadh aon rud ar strae ní raibh aon ghníomhartha míleata i mBéal Feirste an chéad oíche.

Ina dhiaidh sin deineadh iarracht ach ansin tháinig an t-imtheoranú isteach agus cuireadh timpeall caoga as Béal Feirste i bpríosún agus bhris sin droim an airm i mBéal Feirste. Rinneadh go leor iarrachtaí ar atheagrú ina dhiaidh sin ach níor éirigh leo.

**S: Cén tábhacht a bhí leis na toghcháin a throid sibh?**

**R.Ó.B:** Séard a thárla i 1955 nuair a toghadh beirt phríosúnach do Lár Uladh

● *Ruairí agus comhairleoirí de chuid Sinn Féin, tar éis gur diúltaíodh cead dóibh éadaí a thabhairt isteach dos na príosúnaigh i bPort Laoise i 1975*

● *Ruairí ag bronnadh an trídhathach ar mháthair Phroinsias Stagg i 1976*

agus Fear Manach/Tír Eoghain Theas, ná gur thaispeán sé sin don saol go raibh an pobal náisiúnach ó thuaidh sásta tacaíocht a thabhairt don ghluaiseacht i gcoitinne. Sa deireadh thiar bhí 152,000 vóta ag Sinn Féin. Sin 152,000 as 900,000 ar an rolla agus is ag an dream ós chionn fiche a haon amháin a bhí vóta an t-am sin.

D'fhógair sin don domhain agus do mhuintir na sé chontae fichead conas mar a bhí cúrsaí ó thuaidh. Ach bhí deacracht ann, bhí móid dílseachta do choróin Shasana de dhíth ag an am sin d'iarrthóirí ins na toghcháin áitiúla agus sna toghcháin fá choinne Stormont agus ní rabhamar sásta é sin a ghlacadh agus mar sin bhí seans ag an páirtí Náisiúnach teacht thar n-ais nuair a tháinig na toghcháin sin i 1958.

Sna sé chontae fichead troideadh cúpla suíochán i 1954 mar ullmhúchán. I 1957 troideadh timpeall leat des na ceantair agus ghnóthaíomar ceithre suíochán. Bhí an seandream in uachtar sna pairtithe polaitiúla móra sna sé chontae fichead go fóill. D'fhéach an pobal ar Shinn Féin mar dhream óg a bhí ag teacht chun cinn, a bhí ina n-oidhrí ar fhir agus ar mhná Seachtain na Cásca agus bhíodar sásta tacú leo.

Rud eile le naoi bliana roimhe sin bhí athrú rialtais ann gach toghchán a thárla agus bhí na daoine den tuairim go rabhadar go léir chomh holc lena chéile. Chomh maith le sin bhí cúlú eacnamaíochta san am go dona ar fad, an daonra ag titim daonáireamh i ndiaidh a chéile agus dí-fhostaíocht agus imirce go Sasana an-ard ar fad.

I 1975 tháinig Fianna Fáil ar ais go laidir agus an leigheas a bhí acu ar na fadhbanna eacnamaíochta ná caipitil idirnáisiúnta a mhealladh isteach ó 1958 ar aghaidh. Chruthaigh siad *artificial bubble* atá ag pléascadh anois.

**S: Toghadh tú féin i do bhall de Theach Laighin i 1957?**

**R.Ó.B:** Bhuel sé an chaoi a d'fhéach muid air gur cuireadh suas muid le Párlaimint nua a bhunú don tír ar fad. Párlaimint Phoblachtach don tír ar fad. Mar an gcéanna leis na daoine a toghadh ó thuaidh. D'iarramar ar an bpobal sinn a thoghadh le go suíodh muid i bPárlaimint Éireann uile amháin.

Taobh istigh de thrí mhí tar éis d'Fhianna Fáil teacht ar ais i gcumhacht ghabh siad Ard Chomhairle Shinn Féin ag cruinniú agus na príomhoifigigh de Shinn Fein ar fud na sé chontae fichead agus imtheoranaíodh iad ar an gCurrach. Ar bhealach choinnigh sé sin Sinn Féin síos ar leibhéal aníseal mar nach raibh dóthain forbartha déanta ag an am le go rachadh cúrsaí ar aghaidh. Níor ghlacadh aon phairt sa troid i gcoinne na dí-fhostaíochta agus a leithéid agus bhí an muintir ar an taobh amuigh ag lorg treorú ó na céannairí a bhí sa gCurrach. Ba rud uafásach ar fad é sin.

Bhí Fianna Fáil ag láimhseáil cúrsaí amhail is dá má ba ionann é agus na daichidí. Ach ní mar sin a bhí cúrsaí agus bhí orthu na cimí a ligint saor tar éis bliain go leith. Ach bhí an feachtas míleata ó thuaidh curtha faoi chois ach amháin thart faoin teorann. Lean an cogadh ansin ar feadh trí bliana eile ach ní raibh an gnáthphobal gafa ann.

**S: An raibh mórán agóidí an t-am sin mar gheall ar an t-imtheoranú?**

**R.O.B:** Bhí, an-chuid go deo ar fud na tíre ach bhí móramh de thrí suíochán déag ag Fianna Fáil agus níor bhac siad leo. Ní raibh traidisiún na hagóide chomh láidir an t-am sin is atá anois – b'shin iad na caogadaí, roimh aimsir Martin Luther King agus teilifís na seascaidí.

**S: Nuair a tháinig deireadh leis an bhfeachtas i dtús na seascaidí cad a thárla ansin?**

**R.O.B:** Thosaíomar arís. Dheineamar ath-scrúdú ar an scéal ar fad agus d'fhoghlaíomar na ceachtanna a bhí le foghlaim. Aontaíodh i gcoitinne go gcaithfeadh an chéad fheachtas eile a bheith bunaithe ar an bpobal náisiúnach ó thuaidh agus a fhás uathu siúd go nádúrtha.

Ó dheas ceapadh go mba gá aghaidh a thabhairt ar an mbealach a raibh an t-impiriúlachas ag coinneáil greime ar na sé chontae fichead. Aithníodh gur ar mhodhanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a bhí an ghreim sin á choinneáil agus gur ar an mbonn sin a gcaithfí frithghníomh a chur ar bun. Deineadh é seo tríd na seascaidí agus isteach sna seachtóidí

Tar éis na scoilte agus an ath-riaradh ar an nGluaiseacht lean na *fish-ins* agus na hagóidí i gcoinne dúnadh monarchain. Is cuimhin liom féin a bheith páirteach in agóidí i dTuaim, i Ros Comáin agus in Áth Luain.

● *Ruairí ag iompar cónra Reamoinn Mac Raois a fuair bás ar stailc ocrais*

● *Ruairí ina chathaoirleach ar chomóradh na Cásca i nDroim Lios i gContae Longphoirt i 1954*

Ach nuair a tháinig an t-imtheoranú ó thuaidh bhí éileamh ón dTuaisceart go dtabharfaí gach aon chúram don Cheist Náisiúnta. Tarraingíodh intinn na ndaoine óna bhfadhbanna féin go dtí cúrsaí ó thuaidh. Mar an gcéanna le ceist an Chómhargaidh, bhíomar ag díriú daoine chun an Reifreann a throid nuair a thárla Domhnach na Fola i nDoire agus ní rabhamar in ann feachtas ceart a chur ar siúl.

Níor vótáil ach sé déag is dhá dtrian faoin gcéad i gcoinne ballraíocht sa Chómhargadh. 'Sé sin 212,000 vóta agus bhreathnaigh mé ar sin mar an bunsraith raidiceach in aghaidh an impiriúlachais sna sé chontae fichead agus ó shin i leith bhí mé i gcónaí ag iarraidh go mbeadh an Ghluaiseacht in ann tacaíocht an dreama sin a fháil iad a fhorbairt agus a threoradh.

**S: Cad iad dar leat bunphrionsbail na Gluaiseachta?**

**R.Ó.B:** Seilbh a bheith ag muintir na hEireann ar thír na hEireann agus ar ghach a ngabhann leis, gan cur isteach ón dtaobh amuigh. Forlámhas a bheith ag muintir na hÉireann, 'sé sin ar an tír í féin, an mhaoin aiceanta, an cultúr, gach aon rud a ghabhann le tír na hEireann agus go mbeadh a centre of gravity féin ag muintir na hEireann. Is féidir leathnú amach ar sin ar go leor bealaí ach sin go mbeadh socaí ann a bheadh ceart agus cóir.

**S: Tá caint anois i measc lucht na cumhachta mar gheall ar dhul isteach i NATO agus b'fhéidir sin a úsáid le fadhb na sé chontae a fhuascailt.**

**R.Ó.B:** Tá sin an-dainséarach go deo. Ní fhéadfainn dóthain béime a chur ar sin riamh. Sin impiriúlachas an larthair ag obair agus leanann sé sin ar bhallraíocht san EEC, muid a thabhairt isteach i gcomhghuaillíocht míleata de shaghas éigin. Tá an bealach a réiteach chuige sin cheana féin mar a chonacamar ar Poppy Day. Mholfainn do dhaoine cur ina aghaidh ar gach bealach is féidir leo, tré dhul isteach i CND agus gach aon rud is féidir leo a dhéanamh le cur ina choinne.

**S: Cad iad na rudaí is mó a sheasann amach id' intinn mar gheall ar na blianta ina raibh tú i do uachtarán ar Shinn Féin?**

**R.Ó.B:** Tá mé ró-ghar dhó go fóill le meastachán ceart a dhéanamh. Ach luaigh mé dhá rud ag an Ard-Fheis, i dtosach go raibh sé ar cheann des na treimhsi is deíne a ndearnadh troid le dhá chéad bliain anuas agus uimhir a dó nach raibh, ó deineadh an t-atheagrú ar bhonn prionsabail i 1969-70, aon scoilt ann.

**S: Bhuil dóchas agat?**

**R.Ó.B:** Ó ar ndóigh tá dóchas agam. Beidh mé ag leanúint mar is gnáth. Bhí mé gníomhach le breis is fiche bliana sula raibh mé im' uachtarán agus beidh mé gníomhach ar an mbonn céanna arís. Mar a dúirt mé ag an Ard-Fheis tá na Sasanaigh i bponc ceart againn agus má leanann muid ar aghaidh ag cur treise leis an iarracht seo agus ag dingeadh na greime sin orthu, 'sé sin an gnáththroid ó thuaidh agus an troid chun an SDLP a chur dá bhonnaibh, go mbeidh Rialtas Shasana agus an rialtas i mBaile Átha Cliath go mór faoi náire ós chomhair an tsaoil agus go mbeidh orthu, nuair a fhaigheann Sinn Féin móramh na náisiúntóirí taobh thiar di, suí síos agus labhairt linn.

Rud eile tá an stát ó dheas ag titim as a chéile agus tugann sin seans dúinn. An tríú rud ná go bhfuil an Chómhargadh agus Impiriúlachas an larthair gafa le deacrachtaí. Tá an tríú domhain ag troid thar n-ais.

Dá bhrí sin táimíd i staid i stair an chine daonna gur féidir athruithe móra a theacht ach an cheist ná an iad athraithe chomh maitheasa nó chun oilc? An mbeidh deachtóireacht ó thaobh na heite deise againn nó an mbeidh muintir na hÉireann in ann faoi threorú Ghluaiseacht na Poblachta forlámhas a fháil sa deireadh ar a dtír féin? Sin é an duthshlán mór atá romhainn. Brathann freagra na ceiste sin orainn féin, Gluaiseacht na Poblachta ■

# COMHCHEILG SA CHAISLEÁN

## Áireamh bréagach ar líon na gCaitliceach sna sé chontae

LE DONNCHA Ó hANLUAIN

**LE dhá bhliain anuas tá amhras á chaitheamh ar Dhaonáireamh na Sasana sna sé chontae. Is ceist í seo a sheachain urlabhraithe phoblachtánacha a bheag nó a mhór sa tréimhse sin ach ba mhó an tsuim a léirigh daoine agus dreamanna eile inti, ina measc an Eaglais Chaitliceach, polaiteoirí Aontachtaithe agus lucht nuachtáin.**

Go bunúsach chuir urlabhraithe den phobal náisiúnach i leith an Rialtais gur ag ceilt figiúr an Daonáireamh a bhí siad agus go háirithe, ag ceilt na bhfigiúr ar líon na gCaitliceach agus líon na bProtastúnach sna sé chontae. Dar leo go raibh deireadh leis an fhinnscéal a dúirt go raibh dhá dtrian den phobal sna sé chontae ina bProtastúnaigh agus trian ina gCaitlicigh — sé sin milliún Protastúnach agus leathmhilliún Caitliceach.

Ba le linn na stailce ocrais i 1981 a tógadh daonáireamh deireannach na Sasana sna sé chontae. De dheasca na gcoinníollacha uafásacha sna Blocanna H agus Ard Macha, agus ar chomhairle Choiste Náisiúnta Bloc H/Ard Macha, dhiúltaigh na mílte sna ceantair náisiúnacha na foirmeacha daonáirimh a líonadh isteach.

Mhaígh na Sasanaigh ag an am agus go cionn bliana ina dhiaidh gur beag an tionchar a bhí ag an bhagh-



cat ar an daonáireamh agus nach raibh ach 20,000 duine san iomlán ag diúltú na foirmeacha a sheoladh thar n-ais. I Mí Iúil 1983, áfach, b'éigean dóibh a admháil go raibh ar a laghad 74,000 nár líon na foirmeacha. Is cinnte anois go bhfuil an figiúr ceart níos mó arís ná sin.

Eisíodh réamhthorthaí an daonáirimh sna sé chontae fichead agus sa Bhreatain Mhór roimh tús Mí Eanáir 1982 agus, nuair nach raibh iomrá ar bith ar na tuairiscí do na sé chontae, tosaíodh a chaitheamh amhrais ar an obair a bhí ar bun ag Roinn an Airgeadais, atá freagrach as eagrú an daonáirimh.

**AN mhí chéanna chuir an *Andersonstown News*, nuachtán pobail i mBéal Feirste i leith Oifig Thuaisceart Éireann go raibh leisc orthu na figiúirí ar reiligiún a eisiúint ar an ábhar gur thaispeáin siad méadú i líon na gCaitliceach agus titim i líon na bProtastúnach. De réir an pháipéir bhréagnaigh na figiúirí an tuairim go raibh milliún Protastúnach sna sé chontae.**

Mhínigh Eagarthóir an *Andersonstown News*, Seán MacAindreasa, an fáth dar leis a mbéadh comhcheilg sa tsiúl ag Rialtas na Sasana le figiúirí an Daonáirimh a fholú:

*"Is bunchloch é i mbolscaireacht na Sasana tríd an domhain go bhfuil milliún Protastúnach — agus i dteanga s'acusan sin milliún dílseoir — sna sé chontae. Ach ní raibh sin ariamh fíor. I nDaonáireamh 1971 dúirt 858,257 duine gur de chreideamh Protastúnach iad agus 'sé an bharúil atá againne go bhfuil an uimhir sin i ndiaidh titim arís. Lena chois sin, cé go raibh roinnt mhaith míle nár fhreagair an cheist ar reiligiún i 1971, glacadh leis ariamh gurb iad na Caitlicigh is mó a dhiúltaigh an cheist a fhreagairt.*



● *Robert McCartney*

*"Creidimid gur gléas láidir troda i lámha na náisiúntóir atá sna figiúirí seo ar an ábhar go dtabhrann siad le fios nach mionlach ar bith na Caitlicigh, nó na náisiúntóirí, sna sé chontae. Ach sin go díreach an dóigh a chuireann urlabhraithe an Rialtais síos ar an phobal Caitliceach cê go bhfuil siad cóir a bheith cothrom leis na Protastúnaigh anois i dtaca le huimhreacha de."*

Lean sé leis: *"Ní dóigh linn go bhfuil gach Caitliceach ina náisiúntóir nó go bhfuil gach Protastúnach ina dhílseoir ach is cinnte go bhfuil ceangal éigean idir líon na gCaitliceach agus líon na náisiúntóir."*

● Oifigí an Andersonstown News

**IS i measc an aosa óig is mó atá an méadú ar líon na gCaitliceach le feiceáil. Tuigtear anois go bhfuil níos mó páistí Caitliceacha ná páistí Protastúnacha sna sé chontae.**

De réir figiúirí ó Roinn an oideachais a glacadh i Mí Eanair 1982, tá 122,264 dalta ó aois naíscoile go haois meánscoile ag freastal ar scoileanna an Stáit agus 187,374 dálta ar scoileanna na hEaglaise Caitlicigh. De ghnáth téann na Protastúnaigh chuig scoileanna stáit agus na Caitlicigh chuig scoileanna na hEaglaise Caitlicigh. Mar sin tá móramh de 65,110 ag na páistí Caitliceacha.

'Siad na figiúirí seo ó Roinn an Oideachais a chuir tús le plé, ar thaobh na n-Aontaithe, ar na himpleachtaí a shiúlann leis an fhás ar líon na gCaitliceach.

Ba léiriú suntasach é ar mheon na nDílseoirí an méid a bhí le rá ag John Taylor, Feisire do Loch Cuan, ball de Pháirlaimint na hEorpa agus urlabhraí ar son na nAontachtaithe Oifigiúil, ag cruinniú i gContae an Dúin i Mí Eanáir, 1983.

Ar seisean: *"Cé nach bhfuil fáth ar bith a shílfí go raibh formhór na ndaoine sna sé chontae ina gCaitlicigh, mar sin féin, lagaíonn an síor-mhéadú ar líon na gCaitliceach an ceangal le Sasain.*

*"Agus, ainneoin nach náisiúntóir gach Caitliceach, is dearfa, i ndeireadh na dála gur ar mhóramh Protastúnach sna sé chontae atá an ceangal le Sasain bunaithe."*

Is spéisiúil fosta go bhfuil an Teachta Chomhtionóil Robert McCartney ag rá anois le tuairisceoirí gur cóir nach mbéadh an ceangal le Sasain ag brath ar vótaí ar chor ar bith, nó ar guth an mhóraimh sna sé chontae, ach gur cheart diongbháilte atá sa cheangal nach féidir leis an phobal a chaitheamh uaidh.

**FÁ dheireadh thiar thall i Mí Iúil, 1982, foilsíodh réamhthuairisc ar an daonáireamh conspóideach. De réir na tuairisce, nár luaidh figiúirí reiligiún ar chor ar bith, bhí 1,509,892 duine sna sé chontae, ina measc 19,664** *"nár fhreagair an daonáireamh."*

Dúradh go raibh 13,000 gach bliain ag fágáil na sé chontae agus cé nach féidir a bheith cinnte go bhfuil an figiúr seo cruinn is fíor gurb é seo an chéad leid ó húdárais go bhfuil cuid mhór Protastúnach ag imeacht as na sé chontae. Creidtear gurb é druidim na monarchana in áiteacha cosúil le Latharna agus Aontraim is cúis leis an

imirce seo ag Protastúnaigh.

Ach ní raibh an réamh-thuairisc seo amuigh ach cúpla lá nuair a tugadh fa déara go raibh na figiúirí ar líon na ndaoine sna ceantair náisiúnacha i bhfad ró-íseal. Cruthaíodh go háirithe, gur mór an difear a bhí idir figiúirí an rialtais agus figiúirí na hEaglaise Caitlicigh in áiteacha mar Iarthar Bhéal Feirste, Doire agus Iúr Chinn Trá. Síltear go bhfuil eolas na hEaglaise níos beaichte ná eolas an rialtais de thairbhe go mbailíonn gach sagart na figiúirí dá cheantair fein.

Mar shampla de réir an *Catholic Directory* do Dún agus Coinnire, 1982, tá 82,900 Caitliceach ina gcónaí sa cheantar atá rannta i naoi *ward* ag an Rialtas in Iarthar Bhéal Feirste. Ach de réir an Rialtais ina réamhthuairisc thit an daonra sa cheantar sin ó 81,966 i 1971 go dtí 65,124 i 1981 – titim 16,842.

Ach ní raibh fianaise, ná fianaise ann, go raibh an daonra ag titim sa cheantar sna 10 bliana sin. Leoga a mhalairt a bhí fíor: bhí éileamh ní ba airde ná ariamh ar thithe; ní raibh tithe ar bith druidte suas ach sa bheag; bhí daoine ag bogadh isteach sa cheantar go síoraí nó measadh gur ceantar *'sábháilte'* a bhí ann.

● Cuireadh 74,123 duine leis na huimhreacha oifigiúla le deanaí

**IN Iúil 1983 dearbhaíodh seasamh na ndaoine a bhí ag déanamh beag de thorthaí an daonáirimh nuair a d'admhaigh Oifig Thuaisceart Éireann go n-ardófaí na figiúirí a chéad-foilsíodh.**

Le tamall bhí comhairleoirí Contae agus Cathrach in ocht gceantar náisiúnach ag clamhsán nach raibh muintir na gceantar san ag fáil a sciar ceart ón Bhord Leabharlainne nó Bord Sláinte de thairbhe na figiúirí Oifigiúla ar líon na ndaoine a bheith ró-íseal. San iomlán cuireadh 74,123 duine leis na huimhreacha in áiteacha mar Bhéal Feirste, Iúr Chinn Trá, 'Oméith, Doire agus Dún Geanainn.

Ach ní dhéanadh athrú ar bith i 18 gceantar eile ina bhfuil tromlach na ndaoine ina ndílseoirí cé go bhfuil pobail láidre náisiúnacha iontu fosta. I measc na gceantar sin tá Fear Manach, Ard Macha, Criagavon, Glinntí Aontroma, Lios na gCearbhach agus Dún Phádraig ■

# DEARCADH DES WILSON

**LE blianta beaga anuas tá an tAthair Des Wilson, sagart pobail i mBaile Uí Mhurchú, Béal Feirsde Thiar, ag díriú airde ar an utamáil agus uisce faoi thalamh a bhaineann leis an daonáireamh.**

In agallamh le Saoirse dúirt sé: *" 'Sé an rud is tábhachtaí faoi cheist seo na n-athruithe ná go bhfeiceann daoine nach féidir muinín a bheith acu as Rialtas na Sasana nó is follasach go bhfuil siad ag insint bréaga.*

*"Nuair a thiocfaidh an fhírinne amach faoi na figiúirí ar reiligiún anseo scriosfar an finnsceal go bhfuil milliún Protastúnach sna sé chontae. Is figiúr diamhrach cumhachtach é milliún. I ndearcadh achan duine tá difear an domhain idir 900,000 agus milliún. Sin an fath a mbíonn bolscaireacht na Sasana i gcónaí ag caint ar an milliún Protastúnach'.*

*"Fosta,"* lean sé leis, *"bheir sé le fios nach féidir mionlach a thabhairt ar an 40 nó 45 faoin gcéad anseo atá ina gCaitliceach sa mhéid is gur pobal sinn atá níos aontaithe ar bhonn cultúrtha, eacnamaíoch agus creidimh ná pobal ar bith eile sna sé chontae.*

Measann an tAthair Wilson go raibh leisc ar Phoblachtánaigh a bheith páirteach sa díospóireacht faoin daonáireamh as siocair go raibh eagla orthu go sílfeadh an pobal náisiúnach nach raibh le déanamh acu ach fanúint agus iad féin a vótáil isteach san Éire Úr.

*"Ach sé an freagra atá air sin,"* ar seisean, *"ná go n-athróidh na Sasanaigh na rialacha. Má dhruideann líon an dá phobal lena chéile déarfaidh siad go bhfuil an cheist ró-thábhachtach le bheith fágtha ag 'móramh simplí' agus go gcaithfear níos mó ná 70 faoin gcéad den phobal a bheith i bhfábhar an athruithe.*



*"Cheana féin sa Chomhthionól ag Stormont tá ráite acu go bhfuil rudaí áirithe nach féidir a chur i bhfeidhm gan 70 faoin gcéad dena teachtaí a bheith i bhfáthach leo. Agus arís sa reifreann fá choinne féin-rialú in Albain mhaígh Rialtas na Sasana nárbh leor móramh simplí ach go gcaithfeadh 50 faoin gcéad des na daoine atá cláraithe le vótáil a bheith i bhfáthach leis. Mar sin cé go raibh bunús na ndaoine a chaith vótaí ar son féin-rialú, dúirt an Rialtas nach raibh an móramh mór go leor."*

# Stáid na Gaeilge i dTír Chonaill




LE RUAIRÍ Ó DÓNAIL

**SA BHLIAIN 1955 bhí baint agam le altanna a d'fhoilsigh Scéala Éireann faoi Ghaeltacht Thír Chonaill, ó Ghleann Cholm Cille go Ceann Fhanada.**

Tréan san am a bhí an imirce agus bhí an teanga ag cúlú i go leor áiteacha. Sna haltanna ar seo ar Scéala Éireann faoi Ghleann Cholm Cille, Fánaid agus Ros Guill, bhí tagairt do mheath na teanga. Is eagal liom gur níos measa atá an scéal anois.

Rinne an t-Ath. Séamus MacDaibhir a chion féin le obair a chur ar fáil dá mhuintir agus saol sóisialta níos fearr a chothú, ach is mór a chuaigh labhairt na teanga chun deiridh sa Ghleann fiú le 10 mbliana anuas.

Tá dochar déanta do Ros Guill ag an turasóireacht. Ní mó ná go gcluinfeá focal Gaeilge sna Dúnaibh i lár an tsamhraidh cé go bhfuil scoth na Gaeilge go fóill ag seanbhunadh Ros Guill.

Ón lá a chuaigh an tír seo isteach sa Chómhargadh bhí síol na díf-hostaíochta á chur. Tháinig árdú ar chostais bunábhair achan áit agus thoisigh na monarchain ag dúnadh ar fud na tíre. Bhí monarcha McNutts ag déanamh go maith sna Dúnaibh lá den tsaol ach chuir an cúlú domhanda cuid mhaith as obair le tamall ann. Chuir sé deireadh glan le tionnscal na mbád a bhí i Míobhuí. Ní fhéadfá greim bidh a fháil sa cheantar seo i rith an gheimhridh.

Ní bhíonn teach ósta amháin foscailte ó Leitir Ceanainn go Gaoth Dóbhair. Dúnadh Coláiste na Gaeilge i nDoire an Chosáin i Ros Guill dornán de bhlianta ó shoin, rud nár chuidigh le cur chun cinn na teanga.

Tuar dóchais is ea a chluinstin gur chuir an t-Athair Ó Gallchóir as Eglinton tús aríst leis an choláiste seo i mbliana, an t-aon cheann amháin do dhaoine fásta i dTír Chonaill. Tuigim go bhfuil rún ag an choiste cur go mór leis an tinnreamh an bhliain seo chugainn. Tá Fánaid lag agus níl ach póca beag Gaeilge fágtha i nGleann Bharr.

**CAIDÉ atá ag tárlú ins na Gaeltachtaí móra — Cloch Cheann Fhaolaidh, Gaoth Dóbhair, Na Rossa, i.e. Rann na Feirste, Ára Mhór, Loch an Iubhair. Annagaire, Mín na Marach, Teileann agus an Ghaeltacht Láir, léab mór tíre i measc chnoc Thír Chonaill. Chaith mé fhéin agus cara dhá lá i nGleann Fhinne ag an Cháisc agus is beag tábhairne ón Bhrocaigh go Baile na Carraige nach dtug muid cuairt air gan féachadh orainn mórán Béarla a labhairt.**

Níl ansin, ar ndóighe, ach cuairt fhánach. Deirtear linn nach bhfuil an dream óg ag labhairt na Gaeilge agus tá an tuaraisc sin coitianta sna Gaeltachtaí móra eile.

Tá cuid mhaith seandream imithe chun na síoraíochta. Níl na seanchaithe móra sna Cruacha ná i nGleann Fhinne mar a bhíodh. Le dornán beag de bhlianta sciob an uaigh léithe seanchaithe móra Rann na Feirste agus is boichte an áit dá bharr. Ach tá seanchaithe óga ag teacht chun cinn agus is cruthú na duaiseanna a tháinig go Rann na Feirste anuraidh ó Oireachtas na Gaeilge i dTrá lí nach bhfuill lá rúin acu seanchas na háite a ligean chun dearmaid.

Sin mar atá, cúlú in áit amháin agus tuar dóchais thall is abhus in áiteacha eile. Pócaí anseo is ansúd go maith, ach seideáin ghaoithe thall is abhus ag déanamh damáiste.

**MÁS fior a ndeirtear tá cuid mhaith Béarla a labhairt i gclós na scoile ar fud na**

● *Chuidigh an t-Ath. MacDaibhir le pobal Gleann Cholm Cille le obair agus saol sóisialta níos fearr d'fháil*

**Gaeltachta agus is bocht an scéal é sin. Chuala mé an dá thuairim fá seo. Dúnadh mórán scoltacha beaga, rud nár chuidigh agus a léirigh bunlocht chóras an oideachais.**

Bhí an rialtas i mBaile Átha Cliath ag iarraidh an stair a athscríobh agus stair shóisialta a chur ós comhair páistí na tíre. Caithfear seo a athrú agus grá don tír a mhúineadh mar a bhíodh.

Tá an caitheamh aimsire anois ag an óige i measc discos gallda, i hallaí damhsa agus hallaí móra plódaithe tábhairní atá loite ag ceol gallda.

Cé gur buntáiste mór d'aon Ghaeltacht coláiste samhraidh — agus tá a sciar fhéin déanta ag Comhaltas Uladh anseo — tá cuid mhaith Béarla á labhairt sa chuid is mó des na coláistí agus níl na húdaráis ábálta srian a chur le aos óg na linne seo.

Mar an gcéanna leis an turasaíocht: Tionscal maith ab ea é sna seascaidí agus tús na seachtóidí ach thug sé Béarla isteach. Ach caithfidh pobal na Gaeltachta obair a fháil le bheith beo.

Tá neamart na n-údarás i dtionscal na hiascaireachta an-soiléir ar fud an chósta.

Níl an scríbhneoireacht nó litríocht na Gaeilge ag teacht chun fáis sa chontae.

Tréigeadh na hoileáin ar chósta Thír Chonaill — Gabhla, Inis Meáin, Inis Oirthir agus mórán eile. D'fhág mórán Toraigh ach tá bunadh an oileáin ag troid ar son a gcearta anois agus tá an teanga chomh láidir agus a bhí ariamh. Dá mbeadh bád ceart farantóireachta acu agus cé shlán i dToraigh d'fhillfeadh cuid mhaith den mhuintir a chuaigh isteach sa tír mhór.

Ba bhocht an cás é go raibh ar Thomás Ó Monacháin atá ar an Ard Donn, Gaoth Dóbhair, a dhul isteach sa phríosún siocair nach raibh an stát ábalta breitheamh a raibh Gaeilge aige a chur go Gaoth Dóbhair. Throid Cearta Gael an cás seo agus mórán cásanna eile go tréan. Is tábhachtach dream mar seo a bheith ann le cearta a bhaint amach don Ghaeltacht.

**TÁ an teilifís gan cláracha Gaeilge ag scrios na Gaeltachta. In áit oícheannta an áirneáin agus an tseanchais, tá scannáin Bhéarla gan mhaith dá bhfeiceáil ag óige na Gaeltachta. Cé ionadh iad ag labhairt Béarla i gclós na scoile. Tá an cás ar son na gcláracha Gaeilge déanta go maith ag Conradh na Gaeilge agus léirithe i leabhrán a chuir siad amach ar na mallaibh, Géarchéim na Gaeilge. Rinne mórán**

**acu seal príosúin ag diúltú ceadúnais teilifíse a íoc mar gheall ar an bhfeall seo ar Ghaeilge ach freisin mar gheall ar an gcinsireacht faoi rannóg 31. Comhairleoirí Shinn Féin, sheas siadsan an fód ar an dóigh cheanna.**

Ach tuar an dóchais tá, na seanchaithe óga as Rann na Feirste agus áiteacha eile atá ag teacht chun cinn agus an chanúint chruinn dhúchasach acu. Chuala mé in áiteacha an teanga álainn ag páistí an-óg, páistí fiú gur as baile isteach duine dá dtuismitheoirí.

Tá ag méadú ar líon na ndaoine ón Ghaeltacht seo a d'fhreastail ar an Oireachtas le roinnt blianta.

Tá meánscoil nua sa Ghaeltacht Láir atá le moladh go hard maraon leis na meánscoileanna eile san fhíor Ghaeltacht mar pobalscoil Ghaoth Dóbhair.

Is maith ann faoi dheireadh easpag a bheith sa Ghaeltacht seo ar cainteoir dúchais é i Ráth Bhoth le deáshampla a thabhairt do shagairt na deoise.

Seod i gcónaí atá in Armharclann Ghaoth Dóbhair agus is mór an cuidiú na buíonta eile aisteóirí ar fud na Gaeltachta.

**FIÚ má thug Eastát Tionscail Ghaoth Dóbhair Béarla isteach, thall is abhus, thug sé mórán daoine ón choigcríoch, agus thug slí bheatha sa bhaile dóibh. Bhí scoil Rann na Feirste druite i dtús na seachtóidí. Tá 120 ag freastal ar a scoil anois.**

Tá cuid mhaith teaghlaigh ar fud na dtrí bpobal seo ag brath ar an eastáit seo agus is trua monarchain a fheiceáil dúnta, toradh an chomhargaidh agus saol domhanda na linne seo.

Ocáid iontach maith is ea Comórtas Pheil na Gaeltachta le seans a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta ar fud na tíre bualadh le chéile agus eolas a fháil ar na canúintí.

Chuala mé níos mó Gaeilge ag an chomórtas seo i nGaoth Dóbhair i mbliana ná mar a chuala mé le fada. Trí oifigeach na Gaeilge de chuid an CLG i dTír Chonaill, tá dul chun cinn nach beag déanta ag an Chumann sa chontae.

Ba é Raidió na Gaeltachta an beart ab fearr a rinneadh sa Ghaeltacht ó thaobh na teanga. Eistear le Raidió na Gaeltachta sna breacGhaeltachtaí agus chuir sé íontas orm an méid sin de mhuintir na Galltachta i dTír Chonaill a éisteann leis agus a thuigeann é.

**TÁ plean nua ag Bórd na Gaeilge. Ní chuirfear i bhfeidhm gach rud atá san phlean faoin Gaeltacht, ach is plean gníomhaíochta é. Tá fiúntas ann agus ba mhór an dul chun cinn é Gaelfhís — teilifís na Gaeltachta — a bheith curtha ar bun.**

Tá mórán fostaíochta i dTír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta ar fad curtha ar fáil ag Udarás na Gaeltachta agus is mór is fiú a leithéid de threallamh tionnsclaíochta a bheith ann le fostaíocht a bhuanú sna ceantair áille seo cois chladaigh.

Bhí mórán comhairlí agus coistí ann nach dtáinig i gcrann ariamh agus a d'fhág beaguchtach ar phobal na Gaeltachta. Rinne cealú na Gaeilge éigeantaigh, mar a tugadh uirthi, agus dúnadh na gColáistí Ullmhúcháin, scrios ar an chóras oideachais.

Bhí cuing ariamh anall idir Comhaltas Uladh agus Gaeltacht Thír Chonaill agus chuir sin go mór le beocht a chur sna ceantair scaite sin seal samhraidh.

Chuaigh saibhreas Ghaeilge na Gaeltachta chun tairbhe go mór dár gcairde sna Sé Chontae atá faoi dhaorsmacht go fóill. Ach níl na Coláistí Gaeilge mar a bhíodh. Bhí laghdú mór sa fhreastal i mbliana agus tá cosúlacht ar an scéal go mbeadh cúpla coláiste dúnta an bhliain seo chugainn.

Caithfear feabhas a chur ar na Coláistí is fearr agus féachaint arís leis an spiorad a mhúscailt a bhí i gCloch Cheann Fhaoladh nuair a bhí an t-Athair Lorcán Ó Muirí ag obair go bás ar son tíre agus teanga; agus an bheocht a bhí i Ros Guill nuair a bhí an coláiste do dhaoine fásta i mbarr a réime.

Chuir deighilt na tíre seo isteach ar dhul chun cinn na Gaeilge mar a dhéanfadh deighilt i dtír ar bith. Caithfear an teorainn mínádúrtha sin a scrios. Tá forbairt na Gaeilge agus an cultúr dúchais i gcoitinn an-tábhachtach i nGluaiseacht na Saoirse. Tá cath le buachaint agus is í an Ghaeilge agus an Ghaeltacht an taobh eile de scálaí tomhais na saoirse ■

# EUSKADI AGUS CÚLRA ETA

**Is beag Éireannach nár chuala na hainmneacha Euskadi agus ETA ach go minic is tearc míchruinn an t-eolas a bhíos acu orthu. Euskadi, an t-ainm Bascach ar Thír na mBascach agus sin an t-ainm a thugann tromlach na mBascach ar a dtír féin, bíodh Bascais acu nó ná bíodh. Tá an chuid is mó de Euskadi in Iarthar na bPiréiní ar dhá thaobh na teorann idir An Fhrainc agus An Spáinn. Tá seacht gcúige ann, trí cinn san Fhrainc agus ceithre cinn sa Spáinn. An manadh atá ag na náisiúnaithe Bascacha ná: *Zazpiak Bat* (focail Bhasacha a chiallaíonn 'níl ins an tseachtar ach tír amháin').**

Tá thart fá trí mhilliún daoine sa tír ar fad ach níl ach ceathrú milliún daoine sna cúigí ar thaobh na Fraince den teorainn, cúigí atá bocht, gan tionscal, gan bailte móra agus cuid mhaith imirce astu, i dtreo Párais don chuid is mó.

Ar an taobh ó dheas den teorainn tá a mhalairt de scéal ann: tionscail go leor, go háirithe i nGuipuzkoa is i mBizkai agus tréan imirce isteach ó cheantair bhochta na Spáinne. Is Spáinnigh a tháinig ar lorg oibre beagnach trian de na daoine sa tír, rud a chuireann isteach go mór ar an chultúr agus an teanga.

**Sa Chatalóin, mar shampla, bíonn seans iontach maith go mbeidh Catalóinis, ar a laghad ag páistí na n-oibrithe a tháinig ón taobh amuigh, mar tá Catalóinis ag muintir na háite beagnach uilig agus tá sí cosúil go leor leis an Spáinnis agus furust a fhoghlaim ag lucht labhartha na Spáinnise.**

Ach níl an Bhascais gaolta le teanga ar bith eile ar an domhan, go bhfios dúinn, agus tá sí deacair a fhoghlaim. Tá Bascais ag thart fá 600,000 nó 23% den iomlán ach tá suim mhillteanach in athbheochan na teanga anois agus b'fhiú, b'fhéidir, alt eile a scríobh ar sin níos faide anonn.

Ní fios cérbh as na Bascaigh ach bhí siad sna Piréiní cheana féin 5,000 bliain ó shin. Bhí traidisiún daonlathach acu, fiú sna Meánaoiseanna, nuair a bhí na hEorpaigh i gcoitinne faoin Fheodachas, agus bhí uair, agus bhí féinriail de chineáil acu, i Stát na Fraince agus i Stát an Spáinne ach cailleadh sin.

Bhunaigh Sabino Arana-Goiri Páirtí Náisiúntach na mBascach (PNV) i 1895, le féinriail, nó neamhspleáchas iomlán dá mb'fhéidir é, a bhaint amach. Bhí roinnt teachtaí den PNV i bPárlaimint na Spáinne faoin Dara Poblacht (1931-36). Nuair a d'éirigh Franco agus an t-arm amach in éadan rialtas na Spáinne i 1936, ghlac na Bascaigh páirt an Rialtais. Tugadh féinriail dóibh agus cuireadh an chéad Rialtas Bascach ar bun.

**Tháinig deireadh le sin uilig nuair a bhain Franco an Cogadh Cathartha Spáinneach i 1939 agus bhí beagnach 40 bliain faoin Fhaisisteachas i ndán d'achan duine i Stát na Spáinne. Bhí an réim sin go fíochmhar ar fad sna ceithre chúige Bascacha. Go díreach, mar shampla: Ní raibh cead ag na Bascaigh a dteanga féin a úsáid go poiblí, ná rud ar bith a chur i gcló sa Bhascais, agus bhí sin mar sin go fóill, 15 mbliain i ndiaidh deireadh an chogaidh.**

Bhí Rialtais Bascach Díbeartha i bPáras agus shíl siad ar tús go leagfadh na Comhghuaillithe an t-aon chóras Faisistíoch amháin a bhí fágtha san Eoraip, ach bhí na Meiriceánaigh amhrasach faoi na Rúisigh agus bhí Franco ábalta a chur ina luí orthu gur Cumannaithe an Freasúra go léir

sa Spáinn.

Le himeacht na haimsire bhí Rialtas Díbeartha seo na mBascach i bPáras ag teacht níos mó faoi thionchar an PSOE (Páirtí Sóisialach Oibrithe na Spáinne – atá inniu i réim mar rialtas i Maidrid) agus bhí páirtí seo an impíriúlachais shóisialaigh ag cur baic agus maolaithe ar aidhmeanna náisiúnachais na mBascach.

**ACH bhí daoine taobh istigh den tír a bhí buartha faoin bhail a bhí ar Euskadi agus bhí siad ag iarraidh rud éigean a dhéanamh. I 1952-53 chuir dream beag de mhic léinn ollscoile i mBilbao EKIN ar bun. Ní raibh ceangal ar bith acu ag an tús le PNV agus san am sin ní raibh i gceist acu ach oideachas cultúrtha agus polaitiúil.**

Ach le réim Franco a bhí siad ag deileáil agus d'aithin siad go gcaithfeadh gach rud a bheith go milltineach rúnmhar, agus sin mar a bhí. Fuair siad an t-ainm EKIN ón ordú i Bascais a bhíodh ag deireadh na bpáipéirí a chuir siad thart go rúnmhar: *Ekin au zuzetzat da eta gero erre.* (Caithfidh tú seo a dhéanamh. Léigh é ar dtús agus ansin cuir sa tine é).

Cuireadh gach ball nua faoi mhionn agus ceann de na céad rudaí a gheall siad i ndiaidh dóibh dul isteach san eagraíocht, ná, Bascais a fhoghlaim taobh istigh de dhá bhliain. I 1954 leath an eagraíocht amach-faoi cheilt i gcónaí – chuig na mic léinn i San Sebastian, agus ina dhiaidh sin chuig mic leinn Bascacha in Ollscoileanna sa Spáinn.

I 1955 Snaidhmeadh EKIN agus Euzko Gaztedi (EG) – Roinn na hÓige den PNV – le chéile. Na tréithe is mó a bhí ag baint leo mar eagraíocht ná go raibh siad iontach rúnmhar, iontach náisiúnta, agus gur leag siad an-bhéim go deo ar an Bhascais mar theanga náisiúnta.

**AG an phointe seo bhí siad faoin PNV ach go raibh cuid mhaith saoirse acu ach i 1958 thit an dream óg amach leis an PNV mar shíl siad nach raibh go leor fuinnimh ná díograise sa tseandream. I 1959 tugadh iarracht ar an dá dhream a thabhairt le chéile ach theip ar an iarracht. Chuir an mhuintir óg atheagar orthu féin is d'athraigh siad a n-ainm go ETA** *(Euskadi ta Azkatazuna, sé sin Euskadi agus Saoirse).*

Ón fhíorthús bhí roinn mhíleata in ETA, ach bhí an-bhéim ar theagasc na staire agus ar theagasc na teanga agus cuid mhaith cur agus cúiteamh fá cé acu a ba chóir dul i ngleic armtha le Réim Franco, nó nár chóir. I 1960, ar aon nós phléasc siad cúpla rud ach ag an am seo bhí mionlach de na daoine a d'fhan leis an PNV fábhrach fosta do cogadh eadarnaíoch a chur a Fhórsaí Franco agus chaith cuid acu dhá mhí in Éirinn i samhradh na bliana 1960 ag traenáil faoi Ôglaigh na hÉireann. Rugadh ar chúpla duine acu nuair a chuaigh siad arais abhaile agus chríochnaigh siad suas le seanchairde dá gcuid a bhí sa phríosún mar bhaill de ETA.



Bhí céad Thionól ETA i 1962 agus d'eagraigh siad ETA i gceithre roinn (polaitíocht, Cultúr, Oibrithe agus Míleata). Dúirt siad sa Tionól seo gur *"gluaiseacht réabhlóideach Bascach iad chun saoirse a bhaint amach"* agus dúirt siad go raibh siad i leith *"Eoraip Chónasctha na Náisiún"*, Sé sin, Eoraip chónasctha ina mbeadh an Náisiún Bascach chomh maith leis an Spáinneach, an náisiún Sasanach chomh maith leis an Albanach is araile. Ní gá a rá nach bhfuil an smaoineamh seo ag ETA an lae inniu.

Bhí an dara tionól acu i 1963. Bhí a lán daoine ag teacht isteach san eagraíocht ag an am. An gnáthobair a bhíodh acu na blianta úd na bratacha Bascacha a chrochadh suas in áiteanna poiblí, corráit a phléascadh, imeagla a chur ar bhrathadóirí. Má shíleann duine ar bith gur beag é, ná déan dearmad gur faoi dheachtóireacht Franco a bhí siad ag obair. Bhí a lán acu á thógáil agus á chéasadh agus bhí cuid mhaith acu ag dul isteach sna príosúin. Na ceannairí is mó a raibh tóir orthu bhí siad ag iompar gunna an t-am ar fad faoi seo.

**SA tríú Tionól i 1964 tógadh ceist an tsóisialachais don chéad uair agus sa cheathrú ceann i 1965, b'é an príomhphlean a bhí acu ná, *"gníomhú, cur faoi chois ón Rialtas: gníomhú arís, ar nós bíse"*. Na seancheannairí a raibh cónaí orthu taobh amuigh de Dheisceart Euskadi (taobh na Spainne) bhí siad ag cailleadh greama ar an ghluaiseacht agus bhí daoine nua ón taobh istigh ag teacht chun tosaigh, leithéid Xabi Eachvarrieta a mharaigh na péas i 1968.**

Bhí an cúigiú Tionól ag ETA i 1966-67 agus dúirt siad go raibh sóisialachas de dhíth orthu, chomh maith le saoirse náisiúnta. Ag an Tionól seo a thárla an chead scoilt in ETA. D'imigh dream a bhí go mór ar clé. Thug siad an t-ainm ETA Nua orthu féin sa Bhascais agus i 1969 thug siad An Grúpa Cumannach orthu féin ach i 1970 thug an dream céanna Gluaiseacht Chumannach na Spáinne orthu féin.

I 1968 mharaigh ETA péas dárbh ainm Manzanas. De thoradh ar sin tógadh a lán ball agus tugadh chun trialach iad i mBurgos. D'iarr an stát pionós báis ar leathdhosaen acu. Bhí an tír uilig ar bís. Ghlac na príosúnaigh agus na dlíodoirí an seans a fuair siad le taispeáint sa chúirt an t-ansmacht a bhí á imirt ar an Phobal Bhascach ag Réim Franco.

San am céanna bhí an seisiú Tionól ag dul ar aghaidh agus ghlac na Marcsaí/Leníní seilbh ar an Tionól. Na daoine ón chúigiú Tionól a chuirfeadh in éadán sin, níor dúradh leo go raibh an Tionól ann — bhí cuid mhór acu taobh amuigh den tír aon nós — ach b'eol dóibh cad a tharla. Chuir muintir an chúigiú Tionól muintir an seisiú Tionól as an ghluaiseacht agus rinne lucht an 6ú amhlaigh le lucht an 5ú. Chuir na príosúnaigh litir amach ag tabhairt tacaíochta don 6ú Tionól.

Thug ETA (6ú) iarracht ar na príosúnaigh a shaoradh ach theip orthu. Rug ETA (5ú) ar an Chonsal Ghearmánach i San Sebastian mar ghiall agus dúirt siad go maródh siad é da gcuirfí príosúnach Bascach ar bith chun báis. Daoradh seisear acu chun báis ach scaoil ETA (5ú) saor an Consal Beihl. Mar sin féin fuair siad a lán poiblíochta dóibh féin nuair a bhí an Consal fuadaithe acu. Thug Franco faoiseamh ó bhreith an bháis don seisear ar an lá deireannach den bhliain i 1970.

**GO gairid ina dhiaidh sin d'éirigh ETA (6ú) as *"neamhspleáchas iomlán do Euskadi"* mar aidhm, d'eirigh siad as an**

● Úsáideann an stát Spáinneach brúidiúlacht in éadan príosúnaigh go forleathan

**ghleic armtha, scoilt siad idir Leníní agus Trotscíní, agus chaill siad mórthacaíocht na mBascach, beagnach thar oíche. D'imigh cuid mhaith dá gcuid oglach isteach in ETA (5ú) agus roimh i bhfad ní raibh ETA (6ú) ann ar chor ar bith, agus d'imigh cibé baill a bhí fágtha isteach i bpáirtithe polaitíochta den chlé Spáinneach.**

Ar dhóigheanna bhí tionchar ag triail Burgos in Euskadi mar a bhí ag an Stailc Ocrais sa tír seo. Tháinig a lán daoine nua isteach in ETA (5 ) — go fínneach ní raibh ach an t-aon ETA amháin ann ag an phointe seo — agus scoilt dream eile ó EGI (Roinn na hÓige de Pháirtí Náisiúntach na mBascach) agus tháinig siadsan isteach in ETA fosta.

Taobh istigh de ETA bhain na sóisialaithe thar dream a bhí rud beag níos coimeádaí agus thug an chuid is mó de na príosúnaigh a thug a dtácaíocht do ETA (6ú) in aimsir Burgos, a dtacaíocht don ETA a d'fhás as ETA (5ú).

An fhadhb is mó a chonaic ETA ina dhiaidh sin ná seo: Nuair a rinne an Roinn Mhíleata rud éigin, go minic, tógadh baill de Roinn na Polaitíochta. Ar an ábhar sin, mhol ETA go gcuirfí Frente Popular Independista ar bun, 'sé sin gluaiseacht polaitíochta a cheanglódh na grúpaí raidicúla a bhí i leith saoirse iomlán do Euskadi. Tá sin ann anois. KAS a thugtar air agus tá thart fá leathdhosaen grúpaí ann, idir grúpaí polaitíochta is ceardchumainn.

San idirlinn fuair Franco bás agus cuireadh réim dhaonlathach — ó thaobh polaitíochta ar aon nós, mar tá sé i bhfad ó bheith daonlathach ó thaobh eacnamíochta de — ar bun sa Spáinn arís. Tá féinriail ag Euskadi anois mar atá ag an Chatalóin is Galicia, mar shamplaí, ach níl cuíge amháin, Navarra, istigh leis an triúr eile.

Teánn teachtaí dála Bascacha go dtí Párlaimint na Spáinne i Maidrid ach tá Comhthionól Réigiúnach in Euskadi ina bhfuil 60 teachta agus a dtromlach ina náisiúnaithe de dhath éigin.

**ROINNT bliain ó shin scoilt dream eile ó ETA. Tugann siad ETA (PM) (sé sin, ETA Polaitiúil/Míleata) orthu féin. Tá níos mó béime acu ar pholaitíocht agus níos lú ar chúrsaí míleata ná mar atá ag ETA (M) ( sé sin le rá ETA Míleata) ach tá arm acu go fóill. Deirim 'go fóill' mar tá an chuma ar an scéal go bhfuil siad ag dul an bealach céanna a chuaigh ETA Nua i '67 agus ETA (6ú) i '70, mar, cúpla seachtain o shin, dúirt Bandres (ceannaire de chuid Euskadiko Ezkerra) go raibh *"Autodeterminacion"* (sé sin, rogha saor fá thodhchaí Euskadi) ag na Bascaigh cheana féin.**

Ar ndóigh níl fírinne ar bith anseo. 'Sé Euskadiko Ezkerra an páirtí polaitíochta is cóngaraí do ETA (PM) agus Herri Batasuna an ceann is cóngaraí do ETA (M).

Fuair mé figiúirí i leabhar darbh ainm *Euskadi 1977-'82* a d'fhoilsigh an paipéar mór laethúil *EGIN* agus tá an t-eolas seo thíos bunaithe orthu. Sna toghcháin i 1980 bhí an dá oiread vótaí ag Herri Batasuna (HB) is a bhí ag Euskadiko Ezkerra agus bhí an dá oiread votaí ag an PNV (Páirtí Náisiúntach na mBascach — is Daonlathasaithe Sóisialtaí iad) is a bhí ag HB.

Ach bhí na vótairí a ba shine de na páirtithe uilig ag an PNV agus na vótairí a b'oíge ag HB. Bhí céatadán níba mhó den choismhuintir ag HB ná mar a bhí ag páirtí náisiúntach ar bith eile in Euskadi.

Tá an chumhacht ag an PNV taobh istigh de Chomhthionól Réigiúnach Euskadi ach tá an páirtí sin mí-shásta ar fad leis an mhéid cumhachtaí nach bhfuil tugtha ag Rialtas Mhaidrid don Chomhthionól Réigiúnach. Mar sin de níl sé fíor ar chor ar bith, go bhfuil rogha saor fá thodhchaí Euskadi ag na Bascaigh.

Tá an cogadh eadarnaíoch á choimneáil ag leibhéal áirithe ag ETA (M) agus tá bá tromlach na ndaoine leo. Cúpla bliain ó shin chuir *Foessa,* atá mar a bheadh *Gallup* na Spáinne ann, ceist ar mhuintir Euskadi fá ETA. Dúirt 54 faoin gcéad gur tírghráthóirí iad agus 14 faoin gcéad gur coirpigh iad. Nuair a smaoiníonn tú go bhfuil na mórmheáin cumarsáide i lámha daoine atá in eádan ETA is léir nach bhfuil spiorad na saoirse marbh i gcroíthe na mBascach, i nDeisceart Euskadi ar aon nós.

Agus cad faoi taobh na Fraince den Teorainn? Pobal beag scaipthe atá ann i gcomparáid le Deisceart Euskadi ach tá an teanga go láidir, agus tá comharthaí aírithe ann go bhfuil an chuid sin den náisiún ag múscailt as a suan ■

# Forbairt na nGaelscoileanna

●*Páistí ag fágail Scoil an tSeachtar Laoch, scoil lánGhaelach i mBaile Munna*

*TÁ FÁS MÓR tagtha le blianta beaga anuas ar líon na scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáthmheán teagaisc is foghlama. San agallamh seo le Máire Bhuí Ní Laoghaire déanann Colm Ó Dulacháin, atá ina fheidhmeanach ag Gaelscoileanna, cur síos ar an dul chun cinn sin agus ar na fadhbanna atá le réiteach.*

**MÁIRE:** A Choilm cé mhéad **Gaelscoil atá sa tír anois**?

**COLM:** Tá anois 36 bhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht a múintear na hábhair ar fad trí Ghaeilge iontu agus 220 bunscoil sa Ghaeltacht fhéin.

**MÁIRE: Conas mar atá ag éirí leo, go háirithe an scoil nua a bunaíodh i nDoire Cholm Cille?**

**COLM:** Tá ag éirí go maith le gach ceann díobh. Níor theip ar aon cheann fós ceall figiúirí nó a leithéid, a mhalairt is fíor. D'fhás siad fiú sna ceantracha a bhfuil daoine tar éis a dtréigean, mar shampla i mBaile na Manach agus i scoil Neasán i mBaile Thearmainn, dhá scoil i mBaile Átha Cliath. Ceantracha iad sin ina bhfuil líon na ngasúr sna bunscoileanna aitiúla ag laghdú i gcónaí ach gur ag fas atá na Gaelscoileanna.

I nDoire tá siad tar éis dul isteach i bhfoirgneamh scoile eile agus faoi bhórd bainistíochta na scoile sin atáid, ach neamhspleách. Tá aitheantas acu ón Roinn Oideachais thuaidh chomh fada agus go nglactar leis gur cuid de scoil náisiúnta Steelstown atá inti. Tá ag éirí go han mhaith léi. Tá 27 ar an rolla.

Rinne BBC Foyle clár a mhair uair a chloig a bhí an-fábhrúil ar fad, fúthu. Tá na páistí idir a ceathair agus a sé bliana d'aois agus is ó cheantracha éagsúla doibh. Tá fadhb nó dhó againn maidir le taisteal go fóill. Beidh 30 nó 40 ag teacht chugainn i mbliana agus beidh fás ar an scoil gach bliain ina dhiaidh sin. I gceann cúpla bliana beidh muid in ann foirgneamh don scoil a éileamh.

Tá dreamanna eile sna sé chontae atá tar éis suim a chur sna Gaelscoileanna agus beidh mé ag plé le grúpaí i mbailte éagsúla, amach anseo.

**MÁIRE: Caithfidh go gcabhraíonn naíonraí le bunscoileanna a bhunú. An amhlaidh go leanann bunscoil lán Ghaelach naíscoil Ghaelach de ghnáth?**



●*Colm Ó Dúlacháin*

**COLM:** Tá muide i nGaelscoileanna ag plé leis an oideachas faoi mar atá sé sa chóras, oideachas do ghasúir ceithre bliana d'aois go dtí aois ollscoile. Tá comhchoiste na réamhscoilíochta ag plé le páistí idir a dó go leith agus ceithre bliana d'aois. Taimid ag obair as laimh

a chéile. Is minic a bunaíodh Gaelscoil de thoradh naíonra a bheith sa cheantar agus tá a mhalairt fíor chomh maith.

**MÁIRE: Céard é an tionchar atá ag na bunscoileanna?**

**COLM:** Ba mhaith liomsa a cheapadh gur núicléas den Ghaelphobal é an Gaelscoil. Is ansin a théann na páistí an chéad lá chun Gaeilge a fhoghlaim. Chomh maith le sin tugtar tuismitheoiri, gaolta agus cairde faoi anáil na scoile. Téann sin uilig i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil.

Sampla maith is ea Baile Munna i mBaile Atha Cliath. Ní raibh ach feirm ann i 1966. Faoin mbliain 1970 bhí an áit ag cur thar maoil le daoine. Tá Gaelscoil anois ann agus 230 ag freastal uirthi. Tá foirgneamh breá nua acu a chosain £500,000. Tá cumann peile agus iománaíochta, Cumann Setanta, ag plé le cúrsái trí mhéan na Gaeilge i gCumann luithchleas Gael. Tá óg-eagraíocht ann do na déagóirí. Tá Féile Bhaile Munna ann gach bliain agus glacann an pobal páirt inti. Cloistear Gaeilge sna siopaí.

**MÁIRE: Is dócha gurb iad na tuistí a chuireann tús le Gaelscoil?**

**COLM:** Ní dheachaigh mise isteach i gceantar ar bith le scoil a bhunú mé féin. Freastalaím ar éileamh ón bpobal. Is iad na Gaeilgeoirí áitiúla a bhunaíonn na Gaelscoileanna de ghnáth.

**MÁIRE: An bhfuil forbairt ar siúl ag leibhéal na meánscoilíochta?**

**COLM:** Ó 1969 i leith bunaíodh trí mheánscoil nua i mBaile Átha Cliath. Le 50 bliain roimhe sin ní raibh ach dhá cheann sa phríomh chathair, scoil do bhuachaillí agus scoil do chailíní. I dtuaisceart na cathrach a bhíodar sin. Ach bunaíodh Coláiste Íosagáin agus Coláiste Eoin ag tús na seachtóidí i ndeisceart na cathrach. In iarthar na cathrach tá coláiste pobail comhoideachas a bhfuil na hábhair teicniúla á dteagasc ann chomh maith leis na hábhair gairmiúla agus na hábhair acadúla.

Tá muid ag ceapadh go mbeidh breis is 400 dalta ag freastal ar an scoil sin sa scoilbhliain 1988-1989. Beidh sé deacair meánscoileanna a bhunú i gceantracha beaga agus go háirithe áit ina bhfuil scoileanna ann cheanna féin. Dá bhrí sin tá feachtas eile tosaithe againn le scoileanna a bhí ag teagasc trí mheán an Bhéarla a iompú go teagasc trí mheán na Gaeilge. An taon sampla go dtí seo ná an scoil i Máigh, Co. an Chláir, a thosaigh ag teagasc ábhar nó dhó trí Ghaeilge ocht mbliana ó shin agus atá anois ina scoil lán Ghaelach. 'Siad na tuismitheoirí a d'athraigh cúrsaí trí vóta rúnda anuraidh.

I gCorcaigh tá súil againn go mbeadh 'sruthanna' Gaeilge sna scoileanna (an scoil roinnte ina dhá leath maidir le teanga an teagaisc) nó, ar aon chaoi,

**• Má tá a thuilleadh eolais uait, is féidir dul i dteangmháil le Gaelscoileanne ag: Gaelscoileanna, 7 Cearnóg Muirfean, B.Á.C. 2.Fón 763222.**



cuid des na hábhair a bheith dhá theagasc trí mhéan na Gaeilge.

**MÁIRE: Cén chaoi atá cúrsaí ag an tríú leibhéal?**

**COLM:** Ag laghdú atá an t-eíleamh ar ábhair trí Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh. Ceapaim gur cóir scoláireachtaí ar leith a bheith ar fáil don té a dhéanann tráchtas trí Ghaeilge. Ba chóir go mbeadh na cúrsaí ar fad ar fáil trí Ghaeilge don scoláire a iarr ann a leithéid.

Maidir le hoideachas eile ar an tríú leibhéal, is féidir sa Cholaiste Réigiúnach i Leitir Ceanainn cúrsaí rúnaíochta a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Tá dul chun cinn deánta i gColáiste Réigiúnach na Gaillimhe agus tá na coláistí oideachais ar fad le breathnú isteach sa scéal. Ní thárlóidh sé thar oíche.

**MÁIRE: Cé na fadhbanna a bhaineann le breis Gaelscoileanna a bhunú?**

**COLM:** Beidh deacrachtaí ann má leanann an córas rialtais mar atá. Tá an-dochar déanta sna hiarbhunscoileanna, maidir le cúrsaí taistil agus fóirne. D'aistríodar an cóimheas maidir le múinteoirí is daltaí. Ach measaim go dtuigeann rialtas Bhaile Átha Claith gur éileamh é oideachas trí Ghaeilge, atá ag teacht ón bpobal agus go mb'fhéidir go mbeadh contúirt pholaitiúil ann athscrois a dhéanamh ar fhás nádúrtha. Tá súil agam go bhfágfaidh siad muid mar atá muid, muna bhfuilid sásta cur leis an gcabhair.

**MÁIRE: Mínigh fadhb an taistil?**

**COLM:** Bhíodh saorthaisteal dlite do dhalta ar bith a bhí ina cónaí breis is trí mhíle ón scoil. Tá deireadh le sin. Dá bhrí sin caithfidh tuistí a bhfuil a gcuid gasúr ag freastal ar Ghaelscoil, airgead taistil a íoc, costas nach mbeadh orthu dá gcuirfidís an gasúr chuig an scoil is giorra dóibh. Sa mhéid sin tá cáin ar Ghaeilge a chothú.

**MÁIRE: Cen chaoi a mbeadh staid na Gaeilge, meas tú i gceann cúig bliana dá mbeadh gach cabhair ar fáil dóibh ó na húdaráis?**

**COLM:** Ba bhréa an rud é dá mbeadh teileascóp ag duine agus dá bhféadfadh sé feáchaint isteach inti agus cúrsaí cúpla bliana a fheiceáil. Tá a fhios agam go bhféadfadh mise agus an feidhmeannach eile atá ar an mbóthar, freastal cuí a dhéanamh ar an éileamh sna ceantracha éagsúla faoin tír, gan trácht faoi dhul amach ag stocaireacht, dá mbeadh foireann iomlán againn.

Bunaíodh cúig scoil i mbliana agus b'fhéidir go mbeadh deich gcinn eile á mbunú an bhliain seo chugainn. Dá mbeadh foireann iomlán againn, ní hamháin go mbeadh scoileanna nua á bhunú, ach de réir a chéile bheadh na scoileanna eile á ath-Ghaelú mar tá suim ag daoine sa Ghaeilge.

Táimid ag brath ar na heagrais eile chun freastal ar dhaltaí na nGaelscoileanna ar fhágáil scoile dóibh, le postanna a chur ar fáil, le seirbhísí áirithe, mar chláracha teilifíse agus raidió a sholáthar do na gasúir. Tá 3,600 gasúr faoi bhun aois bhunscoile agus faoi bhun aois mheánscoile i mBaile Átha Cliath atá ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge go hiomlán. Níl freastal dá laghad seachas clár deich nóiméad in aghaidh na seachtaine ar na páistí sin agus ar ghasúir in aois a gceithre bliana atá an clár sin dírthe.

Muna bhfuil an Ghaeilge ar fáil don ghnáth dhuine ar scoil, ní bheidh sí ina teanga náisiúnta, cé go m'fhéidir go mbeadh pócaí beaga dí anseo is ansiúd, timpeall na tíre.

**MÁIRE: Conas is féidir Gaelscoil a bhunú?**

**COLM:** Bímse ar fáil i gcónaí le comhairle a thabhairt. Tá fís-téip againn a mhíníonn na céimeanna ar fad atá i gceist chun bunscoil a bhunú agus céard a tharlaíonn i ndiaidh sin, ar ndóigh. Tá leagan Gaeilge agus Beárla ar fáil agus beidh áthas orainn taisteal chuig áit ar bith le labhairt leis an ngrúpa áitiúil. Go bunúsach seo an bhunchloch: 20 gasúr, san aois-ghrúpa ceánna agus foirgneamh sealadach.

**MÁIRE: Cé mhéad airgid atá ag teastáil gach bliain chun an obair seo a chur i gcrích?**

**COLM:** Cosnaíonn gach scoil ón tús £500,000 nó mar sin agus tuarastail do mhuinteoirí agus eile san áireamh. San eagras seo, tá muide ag brath ó bhliain go bliain lenár gcothú ar na deontais a fhaigheann muid ó Bhord na Gaeilge agus ó Udarás na Gaeltachta. Ba bhréa linn dá mbeadh tuairim chruinn le fáil faoin meíd airgid a fhaghas muid an bhliain seo chugainn agus an bhliain ina dhiaidh sin, chun go mbeadh muid in ann cúrsaí a phleanáil ■

# Coscéim amháin ón uaigh




*Seo litir a scríobh Roibeard Ó Seachnasaigh faoina ainm cleite Marcella i Mí Bealtaine 1979. Fágadh an Ghaeilge mar a scríobh Roibeárd é le blas a thabhairt ar an nGaeilge atá beo sna Blocanna H nó an* 'jailteacht' *mar a tugtar orthu.*

**B'FHÍOR é a rá gur uaigh é de thairbhe nach dtig leat a éalú agus bíonn timpeallacht eagla agus fulaingt ann i gcónaí. Is uaigh bheag charraigeach é seo! Agus níl ach tocht fliuch salach, dhá phluid stróichte, próca uisge is pota múin ann.**

Comh maith le sin bíonn boladh gránna san aer i gcónaí ón bhruscar lófa, cac is mún, atá ina luí ar an urlár in aice liomsa. Bím ag fanacht i gcónaí ar an doras trom iarainn ag oscailt. Na diabhail á nochtadh.

Na diabhail a bhuaileann na hanamacha bochta anseo is a chuireann brú orainn is a gcosa ar ár mbolg gan scíth nó sos gach lá. Tugtar cillín ar an uaigh seo agus is mise ceann de na h-anamacha bochta a bhíonn ag iarraidh mairstin i gceann amháin ann. I rith an lae ní bhíonn faic le déanamh ach amháin a' siúl timpeall m'uaigh bheag, ach tuigeann tuirse orm-sa go han-fhurast. Is fada an lá gur shuídh mé faoin spéir ghorm nó ó chonaic mé an ghrian a' soilsú.

Caithfidh mé a rá gur beag nach mbriseann sé mo chroídhe nuair a chluinim an fhuiseog a'canadh ard sa spéir gach maidin luath de thairbhe nach ligeann na diabhail mé nó na h-anamacha bochta eile amuigh as ár n-uaigheanna. Éiríonn tuirse mór orm-sa i ndiadh gach lá fada.

**TÁ mo chorp comh bán le taibhse is mo shúilí chomhair a bheith ina suí ar mo leicinn bhána. Tá mo chuid gruaige is mó fhéasog go hanfada agus tá gach ribe acu salach ar fad. Caithfidh mé a admháil**

**go bhfuil uaireanna go mothuighím cosúil le francach, is leis an fhirínne a h-insint comh maith le sin go bhfuil cuma na taibhse orm-sa. Táim lom tarnocht de thairbhe gur baineadh mo chuid éadaigh díom fad ó shoin.**

Ghlac na diabhail dá rabh agam ach mo smaointí féin. Tá an lá go han-fhada ar fad agus anois is arís tchítear domh nach bhfuil aon deireadh ann. Níl faic le léamh nó le déanamh agam-sa. Tá mo smaointí beagnach dóite amach agus tigeann díoma orm-sa nuair a smaoiním ar mo chlann féin taobh amuigh. Is furast dearmad a dhéanamh go bhfuil saol eile taobh amuigh den áit úafásach seo.

Bíonn fonn an domhain orm i gconaí a bheith ábalta béile te maith a ithe arís, is fada an lá ó rinne mé sin. Anois bhéadh an t-ádh liom dá bhfaighinn cupán tae te láidir.

Táim i ndáiríre nuair a deirim go bhfuilim a' fáil bháis de'n ocras gach lá de thairbhe nuair a gheibhim mo chuid bídh, bíonn sé fuar is gann. Ach fiú amháin dá mbíodh sé so-ite ní bhéinn ábalta an chuid is mó de a ithe leis an bholadh gránna is an bruscar a bhíonn ina luí ar an urlár in aice liom-sa.

**BA bheag nach bhfuair muid ár mbás leis an fhuacht i rith an gheimhridh seo caite nuair a bhí an sneachta is flichshneachta is fearthainn a' cur trí shlaití iarainn na fuinneoige orainn. Sin a' t-am go rabhamar lom tarnocht inár suí sa clúid a creathadh leis an fhuacht mhór.**

Thig liom-sa a rá nárb fhada gur thuig muid an chiall cheart ar geimhreadh deacair fada. Bíonn sé comh dona sa tsamhradh nuair a bhíonn d'uaigh comh te le h-oigheann agus is deacair anáil d'aer úr a fháil leis an bholadh lofa a éiríonn níos measa leis an teas mhór.

Nuair a mhúsclaíonn tú gach maidin bíonn a lán cruimheanna is cuileoga ar do chorp tarnocht agus i measc do chuid gruaige is féasóige. Sleamhnaíonn siad as a' bhruscar i lár na h-oidhche go dtí do leaba agus sleamhnaíonn siad tharat i rith na h-oidhche. An gcaithfidh mé a rá go mbaineann sé preab an domhain asat nuair a osclaítear do shúilí a leithéid seo a fheiceáil?

Ach ní stadfaidh a leithéid seo ná an bhrúidealacht ná na rudaí uafásacha eile sinne a bheith cad tá ionainn. Tá cuspóir againn, sé sin aitheantas mar chimí cogaidh a bheith tugtha dúinn — sin atá ionainn! Agus ní chuir fidh aon diabhal nó líon daoiní eile malairt air sin, go h-áirid coimhéadóirí is údaráis na h-áite seo. Bíonn siad ag iarraidh ár spiorad a bhriseadh ach ní bhrisfear an spiorad poblachtach.

Agus rud amháin eile — B'fhéidir nach bhfuil aon uaigheanna anseo (fós), ach níl aon ifreann níos measa ná na t-ifreann seo, sé sin na Blocanna-H an Cheis Fhada ■

# Eochaidh Óg Ó hAnluain
## -Céad Eadarnaí Ard Mhacha

*Do threascair an saol is do shéid*
*an ghaoth mar smál,*
*Alasdair, Céasar is an méid a bhí*
*ina bpáirt.*
*Tá an Teamhair ina féar is féach*
*an Traoi mar atá,*
*Is na Sasanaigh féin b'fhéidir go*
*bhfaighidís bás.*

– Eoghan Rua Ó Súilleabháin

**ACH cad faoi na daoine a 'bhí ina bpáirt', nó a bhí i bpáirt le daoine iomráiteacha eile fadó? Maireann cuimhne ar Napoleon is ar Mhuhamad; ar Chriostóir Columbus is ar Hitler; ar Matatma Ghandi is ar George Washington. Ach d'imigh ainmeacha is eachtraí na sluaite eile ar fán. Mar sin féin is fiú uaireanta féachaint le heolas a chur ar chuid acu sin a mhair fadó is nach bhfuil cuimhne ná caint orthu anois ach i bhfonotaí na staire.**

Duine acu sin is ea Eochaidh Óg Ó hAnluain. Cluinimid iomrá air don chéad uair i gcaipéis stáit a bhfuil an dáta seo 8 Feabhra 1606, uirthi: *"Oghy Oge O'Hanlon, son & heir to the said Sir Oghy"* a thugtar air sa cháipéis.

Ó Cheann des na teaghlaigh chumhachtacha Uladh a d'eascair Eochaidh Óg agus faoi dheireadh na séú aoise déag a mhair a athair *("the said Sir Oghy)* an taoiseach. Taoiseach ab ea é ar Oirthear, limistéar mór tíre a shín ó Thóin re Gaoith (i gCo Ard Mhacha) go dtí an áit a dtugtar Co. Lú anois uirthi, Oirthear a tugadh air nó ba é oirthear Oirghialla é i bhfad siar. Maireann an t-ainm, Oirthear, go dtí inniu féin.

● **Aodh Ó Néill a bhí ina uncail ag Eochaidh Óg**

Bhí Muintir Anluain ina dtaoisigh sa taobh sin tíre ón 10ú haois cé go raibh siad i gCúige Uladh níos faide ná sin. De shliocht Cholla-dá-Chríoch, duine den triúr deartháir a rinne ionradh ar an Chúige sa cheathrú haois dóibh.

**NUAIR a thosaigh an Cogadh Naoi mBliana faoi dheireadh na séú haoise déag bhí tuaisceart na tíre ar an chuid ba Ghaelaí is ba shaoire de. Go fisciúil féin, ba dheacair é a smachtú nó greim a choinneáil air, timpeallaithe mar a bhí sé ag sleibhte, lochanna agus foraoiseanna. Trí thír Uí Anluain a bhí ceann de na príomhbhealaí go croí an chúige.**

Mar sin, fiú da mba áil leo é, ní raibh aon seans ann go ligfí do mhuintir Anluain a bheith neodrach sa choimlint. Chomh maith le sin, bhí an taoiseach *("Sir Oghy")* pósta ar dheirfiúr Aoidh Uí Neill, bean a ndúirt Sir Arthur Chichester, ionadaí an Rí, fúithi, go raibh sí *"as malicious and ill-affected to the Kings Government and countries reformation as her brother."*

Máthair Eochaidh Óig a bhí inti ar ndóigh. Ar aon nós, ní fios cé acu ón dúchas ann féin nó eile ach ar thaobh Uí Neill a throid athair Eochaidh Óig sa chogadh. Agus ós rud é go dtagraítear don mhac sa chaipéis úd i 1606, is cosúil go raibh seisean fosta páirteach sa troid.

Mar is eol dúinn, briseadh ar na Gaeil ag Ceann tSáile agus bhí Ó Néill féin ar a sheachaint go 1603 nuair a rinne na Gaill conradh síochána leis. Athbhronnadh a thailte air is aithníodh a cheannas ar a thír féin.

Ach ní raibh socrú mar seo sásúil don aicme a bhí anois ag teacht i gcumhacht sa tír, na *"servitors"*, údaí, oifigigh airm a bhí i ndiaidh bheith páirteach sa chogadh. Bhí duine acu anois ina ionadaí ag an rí, 'sé sin, Sir Arthur Chichester, a bhí ina ghobharnóir ar Charraig Fheargusa le linn an chogaidh.

**RINNE Chichester agus Sir John Davies, an Attorney General, a seacht ndícheall cur isteach ar an Niallach agus ar an gconradh a rinneadh ag an Mainistir Mhór (Mellifont). Agus cé nach bhfuil iomlán an scéil againn ní féidir nár chuidigh iarrachtaí na beirte sin leis an rud a thárla mí Mheán an Fhómhair 1607, ar a dtugtar anois** *"Imeacht na nIarlaí"*.

Dúirt na hAnnálaithe gur mhairg dóigh sin a bheartaigh an imeacht. Ba mhairg, gan amhras, iad sin a d'fhág



● *Sir Arthur Chichester – ionadaí an rí*

an Niallach agus a chuid compánach ina ndiaidh. Gan treoir a fágadh iad. B'iad na *"servitors"* anois go bunúsach an dream a bhí i mbun cúrsaí sa tír. Bhí a súile santacha siúd dírithe ar thailte na dtaoiseach. Feasta bheadh an dlí ina ghléas cam len é a úsáid ar leas na nGall.

Is beag cosaint a bheadh ag macasamhail Uí hAnluain ar dhlí nár thuig siad i gceart. Ar aon nós, bhí sé le maíomh níos maille ag Eochaidh Óg gur baineadh a oidhreacht de i ndiaidh imeacht na nIarlaí is gurbh é sin an chúis a spreag é le cogadh a chur ar na Gaill.

Cibé cúis a bhí leis, nuair a d'éirigh Cathair Ó Dochartaigh, tiarna Inis Eoghain, amach in Aibreán, 1608, chuaigh Eochaidh Óg Ó hAnluain ina pháirt. Bhí sé pósta ar dheirfiúr Uí Dhochartaigh. De réir cúntais, maraíodh ise i gceann des na feachtais. Ós a choinne sin luadh i gcaipéis stáit í an bhliain dá gcionn.

De réir mar a deir Chichester ag an am seo bhí trí scor fear ag Eochaidh *"in a certain fastness near the Newrie."* Faoi Mheitheamh bhí sé i gcomhar le mac Bhriain Mhic Airt is breis is 100 fear acu. Mhéadaigh ar a bhuíon seo go tapa agus ghluais siad isteach i dTír Eoghain. Tháinig an Dochartach féin i gceannas orthu is b'éigean do Chichester páirc an chatha a thabhairt air féin.

**IS fiú breathnú ar na modhanna míleata a chleacht Eochaidh Óg is a chomrádaithe. Is fíor go raibh cosúlach idir iad is modhanna Aoidh Uí Neill ach is féidir a fheiceáil fosta go raibh siad mar réamhtheachtaire do ghníomhartha na dtóraithe is na rapairí sa dara leath den 17ú haois. Ag scríobh ar na** *"chief rebels"* **ag an am seo deir cúntas amháin gur éirigh leo d'ainneoin a laghad fear a bhí acu** *"They reign in divers places... They divide companies, unite again and make parties at their pleasure .... they hide in places of fastness where they hold an advantage."*

Mar sin, ba dheacair teacht orthu nó cath a chur orthu ach amháin ar a dtalamh féin *"where in liklihood they may kill five of our men for one of theirs."*

Ba iad seo na modhanna a choinnigh Eochaidh Óg ar a sheachnadh i ndiaidh bhás Uí Dhonchartaigh mí Iúil, 1608, rud a chuir deireadh leis an éirí amach mar fheachtas eagraithe. Ach ní amháin go raibh sé ar a sheachnadh, bhí sé ag gníomhú go fuinniúil go dtí Mí Dheireadh an Fhomhair, 1609.

Chuaigh Chichester ina éadan arís in Iúil, 1608, ach an uair seo d'fhill Eochaidh Óg is a chuid fear ar Ard Macha, áit ar dual dóibh cosaint is dídean a fháil, mar a d'admhaigh Chichester: *"Among such as they thought most affected to them, and the good success of their cause which, indeed, were the greatest part of men."*

**AS tacaíocht seo an ghnáthphobal, bhí sé le bheith níos suntasaí le himeacht na haoise seo. Bhí sí ar ndóigh, riachtanach do leithéid Eochaidh Óg. Díl-seacht thraidisiúnta do theaghlaigh áirithe — ar nós an Niallaigh, mar shampla — a ba dhóiche a bhí ann lena linnsa. Deir Chichester arís go raibh a mhacasamhail** *"so cherished by their friends... that few of the O'Hanlons and none of the O'Neills are come into my hands."*

I Feabhra, 1609, d'iarr daoine mór le rá in Ard Mhacha ar Chichester pardún nó cead imeachta as an tír a thabhairt do cheithearnaigh coille Ard Mhacha.

Meán Fómhair bhí socrú déanta aige ligint do Eochaidh Óg an tír a fhágáil. Deir Chichester gurbh é seo *"an opportunity of sending men so ill affected out of this Kingdom."* Céard a thárla ina dhiaidh sin?

Níl fianaise dhearfa againn, monuar, ar cad díreach a tharla, ach tá píosa amháin fianaise againn ó Eochaidh Óg féin. I litir a scríobh sé in 1617 chuig an Ard-Diúc Albert luann sé socrú a rinneadh, go bhfágfadh sé an tír is dul go Flóndras.

Ach ina ionad sin cuireadh é féin is a chuid ar long ag triall ar an tSualainn. Is léir go bhfuil sé ag maíomh gur conradh oifigiúil a bhí ann is gur fealladh air ■

*'NA STILÉIRÍ, 'LE SEÁN Ó CONGHAOLA, F.N.T. 1983 149 lch. Praghas £3.00*

# Scéalta pléisiúrtha

LE ÁINE MHIC AINDREASA

**SEO againn cnuasach beag pléisiúrdha gearr-scéaltaí ón Iarthar. Cur síos atá iontu ar ghnáthshaol na ndaoine, faoin tuath agus cóis farraige, agus éiríonn leis an údar na daoine seo a léiriú go nádúrtha don léitheoir.**

Scéaltaí seo a thuill duaiseanna Oireachtais do Sheán O Conghaola, agus moladh dó iad a bhailiú le chéile i bhfoirm leabhair; thäinig an chéad smaoineadh ó bhean muintearta dó, a d'iarr air gnáthchaint na ndaoine a úsáid le cur síos a dhéanamh ar shaol an ndaoine, ach na scéalta bheith éadrom, i bhfoirm scéalta grinn cois teallaigh.

D'éirigh le Seán na cuspóirí sin a bhaint amach, gan amhras. Tá saibhreas na Gaeilge le cluinstin i gcomhrá na gcaractar, chomh maith le greann — agus mioscas ó am go céile chomh maith. Agus sin ráite agam, áfach, caithfidh mé a admháil go raibh cúpla locht agam ar an leabhar. Sa chéad scéal, chuir an phoncaíocht isteach orm: an iomarca uaschamóg gach áit, nuair nach raibh gá leo, dar liom; mar shampla: *'tháinig mé le scéala* a'ad'; *'...a bhí* a' *caint leis a' mbean* se' a'inne'; agus go leor samplaí eile.

B'fhéidir gur mionphointe seo, ach chuir sé isteach, dár liom, ar leanúnachas an scéil, sa mhéid agus gur chuir sé fearg — nó b'fhéidir mí-fhoighid — orm agus mé á léamh. Ní thiocfadh liom a dhéanamh amach an raibh an scríobhneoir ag iarraidh foraíocht na háite a léiriú, nó an geáitsí sáige féin a bhí i gceist. Ní raibh ceachtar acu riachtanach, i mo bharúil; sa chéad chás, ó thaobh foraíochta de, níl sin le taispeáint i bpíosa scríobhneoireachta ar chor ar bith; sa dara cás, seasann na scéaltaí gan geáitsí ar bith.

Shíl mé fosta go raibh deireadh lag ar chuid de na scéaltaí — mar bheitheá ag iarraidh bosca a oscailt le fada, agus ar a oscailt duit, é bheith folamh! Bhí an chéad scéal mar seo, mheas mé, ach




má bhí an deireadh lag féin, bhí atmaisféar an phoitín cruthaithe go maith i gcorp an scéil.

Tá stoc-charachtair i gcuid de na scéaltaí; an mangaire, na seanbhaitsiléirí, na mná fiosracha cúlchainteacha, daoine óga ag titim i ngrá 7rl. Ach tá beocht géarshúileach iontu anseo, agus is minic a bhíonn casadh úr ar seanscéal ag an údar. 'Éad', sin sampla den scil seo aige; dhá theaghlach a tógadh sa doras ag a chéile, a bhí mór le chéile thar na blianta go dtáinig *'airgead ó Mheiriceá'* chuig dream amháin, rud a d'fhág fuaréad ar an dream eile.

'An Dílleachta' scéal eile inar éirigh leis cruth úr a chur ar sheanscéal, agus is fiú go mór an scéilín gairid ag an deireadh. 'An Scológ' — an-shimplí ach greannmhar go maith. Tríd agus tríd tá saibhreas na Gaeilge le mothú sa leabhar, agus is fiú go mór é mar *'ábhar leitheoireachta don Ghaeltacht, idir óg is aosta'* mar a dúirt an t-údar sa réamhrá.

Mholfainn an leabhar do dhuine ar bith; tá sé éadrom pléisiúrtha, agus le filleadh ar lucht Chois Fharraige *'Má dúirt mé tadamh as an mbealach, ná bíodh aon chion air!'*

## Lorg an Daorsmachta

*TA Gallaphoic in Éirinn,*
*Le seacht gcéad bliain is breis,*
*Scrios siad agus mharaigh siad,*
*Ó thainig siad i dtreis.*

*D'éignigh siad is chreachadar*
*Ó tháinig siad anall,*
*Ón uair a fuair siad cuireadh*
*Ó Dhiarmaid chlaon na nGall.*

*Loisc siad tithe is teampaill,*
*Bhasaigh siad fir is mná,*
*Leag siad scrín is altóir,*
*'S chuir Pobal Dé ar lár.*

*Ní hé mo mheas go n-athróidh siad,*
*Go mbí uachais Ifrinn lán,*
*Mar tá Sasanach deá-chroíoch,*
*Chomh tearc le préachán bán.*

**— le Liam Mac Carráin**



# Cladach na gCaorach

**Bhuaigh an t-amhrán seo le Padraig Ó Baoighill an chéad áit ins an chomórtas d'amhráin nua chumtha ag Fleá Cheoil na hÉireann i mBun Crannach i 1982.**



Ó! a Chladach na gCaorach, céad slán leat,
Ní fheicfidh mé d'éadan níos mó,
Nó suailceas nó caoineas do dhaoine,
Nó na bádai i mbéal Oileán Bó.

Tá teach Neidí Mhóir ar an ard ann,
'S ní fheicfidh mé choíche é go deo,
Óglach de chéad scoith na hÉireann,
A throid ar son saoirse sa gnleo.

Acht caithfidh mé an tír seo a fhágail,
Tá na namhaid go teann ar mo thóir,
Beidh na boltaí go teann ar mo chaoin chorp,
Muna n-éalóidh mé amach roimh an lá.

Mó mhallacht d'ansmacht mo namhaid,
Is ioma fear uasal i gcéin,
'Gus a gcroí go dubh ina ghualach,
a' smaointiú ar chuspóir Sinn Féin.

Na daoine is deise sa domhan mhór,
Faoi smacht agus leatrom agus léan,
Caithfear na ceangail a bhriseadh,
Agus saoirse a thabhairt ar ais chugainn fhéin.

Bheadh brionglóid an Phiarsaigh dá fhíoradh,
's bheadh na laochra go bródúil san uaigh,
'gus bheinnse taobh eile den' díleann,
A' súil theacht ar ais chun na chuain.

Agus Nascadh le caoineas mo dhaoine,
A leithéid ní fhacas ariamh,
Sliocht chlanna Gael i gcúis saoirse,
Níor bhris Sasain a mianach ariamh.

# An tÉaló

*(Fonn: "Lá breá te sa tsamhradh")*

Is ann 'bhí callán, trup is gleo
Nuair 'd'imigh na cimí amach sa cheo,
'S níor dhúirt siad "Slán" na "Cheerio"
Le Bairdéirí na Ceise.

Bhí na Gaill á gcuartu abhus is thall,
'S bhí sceimhle is sceon ar Rialtas Gall,
Is dúirt siad: "Beidh siad ar ais ar ball
I mblocanna na Ceise."

Ach tá siad i gCorcaigh 's i mBaile 'Cliath,
I Luimneach 's ar an Chlochán Liath,
No b'fhéidir go bhfuil siad fiú i gCóiria,
'S cha dtig siad arís 'na Ceise

Mo cheol go deo na buachaillí groí
A d'éalaigh go glic ó láimh Sheáin Bhuí,
Agus Breandán a reitigh dóibh an tslí
Le teacht as gruaim na Ceise.
**– Liam a' Chaca a chan.**






● Radharc ar chuan Toraigh le Patsy Dan Rodgers

# Péintéireacht ó Oileán Toraigh



● Ruairí L Rodgers

BHÍ TAISPEÁNTAS spéisiúil ar siúl in Amharclann na Péacóige le déanaí. B'iad péintéirí Oileáin Toraigh a bhí ag taispeáint a gcuid saothar. James Dixon, Johnny Dixon, James Rodgers, Patsy Dan Rodgers, Ruairí L. Rodgers agus Michael Finbar (Rodgers) is ainm dos na péintéirí.

Tá clú agus cáil ag leathadh ar an 'scoil' péintéireachta seo.

Is iomaí stíl péintéireachta a úsáideann na péintéirí agus is mór is fiú an taispeántas a fheiceáil.

● Patsy Dan Rodgers agus Michael Finbar



● Radharc ar an Teach Solais i dToraigh le Ruairí L R[illegible]

# CABHRAIGH LEIS NA PRÍOSÚNAIGH

## AN CUMANN CABHRACH

Cuir síntiúisí, fiosrúcháin agus tairiscintí cabhrach chuig:
An Rúnaí,
An Coiste Lárnach,
An Cumann Cabhrach,
F/ch 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón 747611 nó 726932.

agus

## CROIS GLAS

Cuir síntiúisí, fiosrúcháin agus tairiscintí cabhrach chuig:
An Rúnaí,
Crois Glas '73,
51/53 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste.
Teileafón 243371

A d'ealaigh go[illegible]
Agus Breandán a reitigh[illegible]
Le teacht as gruaim na Ceise.
– Liam a' Chaca a chan.